

1. Cá ndeachaigh tú inniu?  
inné, aréir, ar an deireadh seachtaine  
an tseachtain seo caite, an mhí seo caite  
i Mí na Nollag, anuraidh  
Chuaigh mé ag obair.  
  
An ndeachaigh tú thar lear anuraidh?  
Chuaigh. Chuaigh mé go dtí an Fhrainc.  
Ní dheachaigh. Ní dheachaigh mé áit ar bith.
2. Cá rachaidh tú i mbliana?  
amárach, an tseachtain seo chugainn  
Rachaidh mé go hÉirinn.  
  
Conas a rachaidh tú ann?  
An rachaidh tú ar eitleán?  
ar traein, ar bhus, ar bhád, i gcarr  
ar rothar, ar chapall, ag siúl
3. Ar rugadh i gCalifornia thú?  
An raibh tú i do chónaí i stát eile riamh?  
Cén stát is fearr leat agus cén fáth?  
  
An raibh tú i do chónaí i dtír eile riamh?  
An ndeachaigh tú go tír eile riamh?  
Cén tír is fearr leat agus cén fáth?  
  
Ar mhaith leat dul go stát eile nó tír eile?  
  
Cad ba mhaith leat a dhéanamh ansin?  
  
An raibh tú ag marcaíocht ar chamall riamh?  
An ndeachaigh tú aon áit ar bhád nó lo  
ng riamh?
- Where did you go today?  
yesterday, on the weekend  
last week, last month  
in December, last year  
I went to work.  
  
Did you go overseas last year?  
Yes. I went to France.  
No. I didn't go anywhere.
- Where will you go this year?  
tomorrow, next week  
I will go to Ireland.  
  
How will you go there?  
Will you go on a plane?  
on a train, on a bus, on a boat, in a car  
on a bicycle, on a horse, walking
- Were you born in California?  
Did you ever live in another state?  
Which state is your favorite and why?  
  
Did you ever live in another country?  
Did you ever go to another country?  
Which is your favorite country and why?  
  
Would you like to go to another state  
or another country?  
What would you like to do there?  
  
Did you ever ride on a camel?  
Did you ever go anywhere on a boat or  
ship?

**An Bealach Ó Dheas – Dún na nGall**

1. Breacadh an lae. An lá is faide sa bhliain.
2. Cionn Mhálanna. An pointe is faide ó thuaidh in Éirinn. Tús na siúlóide móire.
3. Tá gach uile ní faoi shiúl.
4. Inis Trá Tholl. An charraig is sine in Éirinn. An domhain seolta aige.
5. Bhí sé nasctha le Meiriceá tráth.
6. Más féidir le carraig an tAtlantach a shnámh, tig liomsa oileán a shiúl.
7. B'fhéidir go mbeadh síob ar fáil.
8. Ó Chionn Mhálanna i nDún na nGall go Carn Uí Néid i gCorcaigh, tá trí mhí le caitheamh agam ag siúl ar na sléibhte is cladaí is fiáine ó cheann ceann na tíre.
9. Tá an turas seo ionam leis na blianta mar a bheadh sprionga, í scaoilte anois.
10. Ach caithfear tosnú ar an bhfoirceann, i mbéal toinne.
11. Aisteach 'bheith ag brú ó thuaidh in ionad dul ó dheas láithreach.
12. Ar seachrán cheana féin, b'fhéidir.
13. Ach nach "soir gach siar faoi dheireadh thiar"?
14. Beidh an bóthar buailte á thréigint i bhfábhar an chamchuart chasta.
15. Níl aon líne díreach sa dúlra in Éirinn.
16. Agus ní sroichint atá fúm, ach cur siar.
17. Is ins na tearmainn iargúlta go bhfuil blas an fhiántais nó an traidisiúin iontu atá mo mhian.
18. Má thá siad ann go fóill.
19. Ní oilithreach a huile is go hiomlán atá ar siúl agam leis an siúlóid seo, ach ag an am céanna, tá láithreacha éagsúla ar mo bhealach go gcaithfidh mé cuairt a thabhairt orthu.
20. Ach is é an ceann is tábhachtaí, b'fhéidir: Caisleán na dTuath.
21. Is anseo a bhí Aodh Ruadh Ó Domhnaill ar altranas agus é ana-óg sa séú céad déag.
22. Tá scéalta agus eachtraí sa stair a théann i bhfeidhm go mór ar do shamhlaíocht nuair a bhíonn tú óg.
23. Agus dhá scór bliain ó shin nuair a chuala mé faoi na turasanna agus na haiste a thóg Aodh Ruadh Ó Domhnaill le linn a bheatha gairid,
24. Na turasanna tubaisteacha a dheinn sé,
25. Chuaigh siad i bhfeidhm go mór orm agus ní dhéarfainn ar chuma éigin go bhfuil mé ar an tsiúlóid seo de bharr na scéalta sin.

**The Way South – Donegal**

Daybreak. The longest day in the year.  
Malin Head. The furthest point north in Ireland. Start of the big walk.  
Everything is in motion.  
Inishtrahull. The oldest rock in Ireland.  
Having sailed the world.  
It was connected to America once.  
If it's possible for a rock to swim the Atlantic, I can walk an island.  
Maybe I'll get a lift.  
From Malin Head in Donegal to Mizen Head in Cork, I have three months to spend walking the wildest mountains and shores from one end of the land to the other.  
This trip has been in me for years as though a spring, now sprung.  
But we have to start at the tip, at the water's edge.  
Strange to be pushing north instead of going south right away.  
Lost already, perhaps.  
But isn't "every west east in the end"?

The beaten path will be abandoned in favor of the windy ramble.  
There is no straight line in nature in Ireland. And it's not the reaching that I'm about, but the delay.  
It's in the remote refuges that have the taste of wildness or tradition that my desire lies. If they still exist.  
It's not exactly a pilgrimage that I'm about with this walk, but at the the same time, there are various places on my way that I have to visit.  
But the most important on is, perhaps: Castledoe.  
It's here that Red Hugh O'Donnell was fostered when he was very young in the sixteenth century.  
There are stories and events in history that affect your imagination greatly when you're young.  
And forty years ago when I heard about the trips and journeys that Red Hugh O'Domhnaill made during his short life, The disastrous trips he made, They affected me greatly and I would say in some way I am on this walk because of those stories.